

# *Gairmscoil na bPiarsach*


*Nuachtlitir*



*Nollaig*



*Turas go  
Páras*



## Focal ón bPríomhoide

Ní fada uainn anois saoire na Nollag agus táim cinnte go bhfuil na scoláirí ag súil leis an mbriseadh. Tá roinnt mhaith curtha i gcrích acu ón nuachtlitir deirneach chomh maith le cúpla ceardlanna suimiúla curtha ar fáil dhóibh sa scoil. Táim buíoch do na múinteoirí a d'eagraigh an cur i láthair ón RSA ar sábhailteacht ar na bóithre chomh maith le **Bridie Uí Chónamha** a d'eagraigh seachtain na hEolaíochta sa scoil. Bhí roinnt turais scoile againn chomh maith ina measc siúd an turas thar lear go Paráís. Bhí an-spraoi ag na scoláirí agus iad ag tabhairt cuairt ar mhór-áilleachtaí na tíre. Tá an pleanáil tosaithe chéanna féin do thuras na bliana seo chugainn.

Comghairdeachas mór le **Ciara Ní Mhealóid** ón ceathrú bliain de bharr gur roghnaíodh a tógra i gcóir comórtas Eolaí Óg na Bliana a bhéas ag tarlú san RDS i mBaile Átha Cliath ag tús an bhliain seo chugainn. Comhghairdeachas mór freisin le iar-scoláire de chuid na scoile, **Liam O Conáire** a bhain amach Gradam Christofides in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bronntar Gradam Christofides agus €600 ar an scoláire a bhaineann amach an marc is airde i Matamaitic trí Ghaeilge sa gcéad bhliain san Ollscoil.

Tá súil agam go n-éireoidh go maith lenár scoláirí i Scruduithe na Nollag. Gan dabht, tá cúpla mí thabachtach ós cóir scoláirí an Teastas Shóisearaigh agus na hArdteiste i ndiaidh an t-saoire.

Mar fhocal scoir, tá féilire foilsithe ag an scoil i gcóir 2016. Is feidir iad a fháil ón scoil nó go h-áitúil ins na siopaí. Tá súil agam go mbeidh Nollag dheas agaibh ar fad agus bliain nua mhaith i 2016.

**Peadar Ó Loideáin (Príomh-oide)**

### Seachtain na hEolaíochta



### Seachtain na hEolaíochta

Mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta thug **Dr. Ken Farquhar** cuairt ar an scoil agus chuir sí trí Sheó Eolaíochta darbh ainm "**Dr. Ken's Circus Science**" ar fáil do scoláirí na scoile agus do scoláirí óna bunscoileanna áitiúla chomh maith. Buíochas leis an **Galway Science and Technology Festival** as ucht an ócáid a mhaoiniú.

Chomh maith leis sin d'fhreastal an 1ú & 2ú bliain ar an gclár ríomhaireachta "Whizkids" le P.J. Mullen áit a bhfuair siad seans dearadh 3-D agus códáil HTML a dheánamh.

**Bridie Uí Chonámha**

### Cuir i láthair ón RSA





### Seachtain na Matamaitice

Comhgháirdeachas lena buaiteoirí seo a leanas a ghlac páirt sa gcomórtas Sudoku

1ú:- Cian Ó Niaidh

2ú:- Cian Bairéad

3ú:- Ciara Ní Ghionnain & Christopher Ó Maille

4ú:- Shauna Ní Mhealóid

Buaiteoirí an chomórtas Mata 2015 ná Tomás Ó Conaire, Evelyn Ní Ghriallais agus Oisín Ó Conaire as cur i láthair leis an teideal "Scoláirí na scoile seo agus IT" a dhéanamh.

**Maryanne Nic Dhonnachadha**



### Bailiú beatha do fheachtas Simon na Gaillimhe eagraithe ag an 1ú bliain & Eoin Ó Mainnín



**1ú & 2ú bliain lena boscaí bróga ar mhaithe le COPE agus feachtas Simon na Gaillimhe eagraithe ag Martha Ní Chualain**



Thug Peadar Ó Cualáin (An Sean Chearta) taispeantas ceardaíochta sa scoil i rith mí Meán Fómhair.

Bhain daltaí as an 2ú bliain agus an 3ú bliain úsáid as an gCearta agus an Inneoin chun cruach a dheilbhiú isteach i gcruthanna éagsúla.


**Pól Ó Neachtain**



**Cuairt ag an 4ú bliain chuig Enterprise Rent a Car mar chuid de Clár Gairme na hArd Teiste le Patricia Uí Fhlaithearta.**



**Cuairt oideachasúil chuig NUIG leis an 3ú bliain**



**Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc, 091-574100**  
**Ríomhphost: [piarsach@gretb.ie](mailto:piarsach@gretb.ie)**  
**[www.gairmscoilnabpiarsach.com](http://www.gairmscoilnabpiarsach.com)**

**Eagarthóir: Bridie Uí Chonámha**